



Gaeilscoil Thaobh na Coille

04/12/2015

1916 - Tionscnamh na Brataí Náisiúnta do Bhunscoileanna

D'fhonn comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain ó tharla Éirí amach 1916 agus ó fógraíodh Poblacht na hÉireann, tá leagtha de chúram ag an rialtas ar Óglaigh na hÉireann an Bhratach Náisiúnta a thabhairt chuig gach bunscoil sa tír. Is cuid bhunthábhachtach de chlár comórtha Éire 1916 an tionscnamh seo.

Tháinig comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, an Leiftenant Antaine Ó Beoláin agus an Saighdiúr Singil Cuilleann Ní Charmadaí chun na scoile ar an Aoine an 27 Samhain agus bhronn siad an Bhratach Náisiúnta go foirmeálta ar Ellie Ní Chuinneagáin ó R6 (an dalta is sine sa scoil) ag searmanas speisialta a bhí againn sa halla. D'inis siad dúinn an modh inar ceart cúram a dhéanamh den Bhratach Náisiúnta agus an prótacal a ghabhann leis an gcomhartha beo seo ar an náisiún.



SS Cuilleann Ní Charmadaí, Ellie Ní Chuinneagáin, Jack Ó Grádaigh, An Leiftenant Antaine Ó Beoláin

Léigh an Leiftenant Antaine Ó Beoláin amach forógra na Poblachta le cabhair ó Jack Ó Grádaigh ó R6 a léigh alt a 4 den bhForógra agus ansin bhronn sé cóip de Fhorógra na Poblachta ar an scoil.

Ar an 15 Márta 2016 eagrófar searmanas speisialta ceiliurtha mar chomóradh ar Éirí Amach 1916 i ngach bunscoil sa tír agus crochfar an an Bhratach nua ag an searmanas seo.

The National Flag Initiative for Primary Schools 2016 : To commemorate the centenary of the 1916 Rising and to celebrate 100 years since the proclamation of the Irish Republic, the Government has tasked Óglaigh na hÉireann with delivering a National Flag to every Primary School in the country. This is a key part of the Ireland 2016 commemorative programme.

Two members of Óglaigh na hÉireann, Lieutenant Antaine Ó Beoláin and SS Cuilleann Ní Charmadaí visited the school, in uniform, on Friday the 27th of November and formally presented the National Flag to Ellie Ní Chuinneagáin R6 (the eldest pupil in the school) as a representative of the school in a special ceremony that was held in the school. They taught the pupils about how the National Flag should be cared for and the protocol that surrounds this vibrant symbol of our nation.



Lieutenant Antaine Ó Beoláin then read out the proclamation, ably assisted by Jack Ó Grádaigh R6 who read out the 4th paragraph of the proclamation and he then presented the school with a copy of the proclamation.

This initiative will culminate in Proclamation Day on 15th of March 2016, where every school will raise the National Flag in special ceremonies and the 1916 Proclamation will be read.

Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2



Bronntanas Rúnda

Ná Déan Dearmad - Beidh siopa na mbronntanas rúnda ar oscailt sa scoil ar an Luan seo ag teacht. Is ag na daltaí amháin a bheid cead bronntanaisí a cheannach - bronntanas do mham & bronntanas do dhaid. €2 an bronntanas. Ná déan dearmad €4 a bhreith leat ar scoil ar an Luan.

Don't Forget 'Siopa Bronntanas Rúnda' open on Monday next for one day only! Shop open only to the pupils. A present can be bought for mom and dad at the fabulous price of €2 each. Please remind children to bring their €4 in to school with them on Monday.



Réalta Teilifíse TV Stars

Comhghairdeachas le Christopher Ó Géaráin as an taispeántas iontach a thug sé ar an Late Late Toy Show le déanaí. Nach air a bhí an t-ádh gur roghnaíodh é agus is cinnte go bhfuil daltaí uile na scoile in éad leis as an tseans iontach sin a fháil! An bhfaca éinne na tuismitheoirí ón scoil a bhí sa lucht féachanna?

A Big congratulations to Christopher Ó Géaráin from R1B on his recent appearance on the Late Late Toy Show. Wasn't he the lucky boy to get the chance to do that and there isn't a child in the school or indeed in the country who isn't envious of him!! Did anyone spot the parents from the school who were in the audience?



TG4 - An Jig Gig

Bhí rinceoirí seite R6 na bliana seo caite ar an gclár An Jig Gig ar TG4 i mí na Samhna. Bhíodar an-mhaith ar fad agus táimid an-bhródúil go deo astu. Déanadh an clár a thaifeadh ag tús mí Iúil díreach taréis dúinn briseadh suas do shaoire an tSamhraidh.

Our set dancers from last year's 6th class featured on TG4's Jig Gig in November. They were absolutely great and did us all proud. The programme was recorded in July at the start of the summer holidays.

Buíochas leis an Múinteoir Úna Ní Fhlatharta a mhúin & a chleachtaigh an rince seite leis na páistí.

Ag rince bhí: Emma Ní Bhraonáin, Rachel Ní Thnúthail, Alex Binley, Breandán Ó Conaill, Morgan Mac an Chléirigh, Saoirse Ní Bhroin, Ciarán Mac Gabhann & Rachel Ní Lionnáin.



Ceolchoirm Nollag na Ranganna Sóisearacha Christmas Concert



Beidh Ceolchoirm Nollag na ranganna sóisearacha ar siúl i halla na scoile ar an Déardaoin an 17 Nollaig ag a 12.30pm. Ranganna N1, N2, R1 & R2 a bheidh ag glacadh páirte sa cheolchoirm. Is féidir leis na páistí teacht ar scoil gléasta 'sna héadaí ceolchoirme ar an lá sin. Beidh cead páirceála ar chlós súgartha na scoile óna 12.15pm ar aghaidh ar an lá seo. Fáilte roimh chách.

The junior classes will perform their Christmas Concert on Thursday the 17th of December at 12.30pm in the school hall. The pupils from N1, N2, R1 & R2 will be participating in the concert. The children may come to school in costume on that day. Parking will be permitted in the school yard from 12.15pm on this occasion. All are welcome.



Féile na Nollag Christmas Carol Service R3 go R6



Beidh Féile na Nollag ar siúl ar an Luan an 21 Nollaig i halla na scoile ag a 1.00pm. Daltaí R3 - R6 a bheidh ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo. Cuirimid lán-fháilte roimh thuismitheoirí uile na scoile a bheith i láthair ag an ócáid speisialta seo.

Os rud é go mbeimid gann ar spás sa halla ní bheidh daltaí ó ranganna eile sa scoil in ann a bheith sa halla i rith an seirbhís carúil. Beidh Féile na Nollag feicthe acu níos luaithe an mhaidin sin. Beidh na naíonáin shóisearacha & shisearacha ag dul abhaile ag an gnáth am 1.30pm. Má tá páistí leat sna naíonáin & páistí eile sa seó tabharfar aire do do naíonáin i seomra N1A go dtí go bhfuil an seó thart.

We will be holding a Christmas Carol Service on Monday the 21st of December at 1.00pm in the school hall. All pupils from 2nd to 6th class will be participating in this celebration. We cordially invite all parents to join us at this special occasion.

As we will be pushed for space in the hall children from the junior classes will not be able to be in the hall during the Carol Service. They will attend a rehearsal of the celebration earlier in the day. Junior & senior infants will be going home at the usual time of 1.30pm. Infants who have older siblings in the school whose parents are attending Féile na Nollag will be minded in N1A until the show is over.

Maidin Caifé Coffee Morning



Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuismitheoirí i halla na scoile ar an **Mháirt an 22/12/15** ag a 9.00am. Seans íontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte agus clabaireachta a dhéanamh! Beidh Cannchur Nollag ar an lá sin freisin agus cá bhfios ach go gcloisfeá roinnt carúil nollaig ó na páistí freisin! Ná déan dearmad do chuid Gaeilge úsáid & a chleachtadh freisin agus tú istigh sa scoil.

Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school hall on Tuesday morning the 22nd of December at 9.00am. It's a great opportunity to get to know other parents in the school and just have a general chat and good 'gossip'! There will be a Christmas Raffle during the coffee morning & who knows a bit of carol singing might be thrown in for good measure! Ná déan dearmad do chuid Gaeilge úsáid & a chleachtadh freisin agus tú istigh sa scoil.



Nollaig Shona dhaoibh go léir



NÁ DÉAN DEARMAD Don't Forget

Dinnéar Ceiliúrtha
20 Bliana
20th Anniversary
Gala Dinner



Óstan an Ritz Carlton
Áth na Scairbhe
Enniskerry

Ticéid ag díol go tapaídh

Tickets Selling Fast



Saoire na Nollag Christmas Break



Scoil ag Dúnadh
School Closing
Máirt : Tuesday 22/12/15
12.00 a chlog

Ath-oscailt
Re-opening

Céadaoin Wednesday
06/01/2016

Scéalta Ranga Class News

N1A Deir an Múinteoir Ní Thiarnaigh go mbeidh Daidí na Nollag cinnte ag teacht ag na páistí ina rang mar mar go bhfuil siad ar fad go han-mhaith.

N1B Tá biseach ar an Múinteoir Ní Fhloinn agus tá sí ar ais ar scoil arís.

N1C Tá rang N1C ag tnúth go mór le teacht Dhaidí na Nollag.

N2A Síog Grace

N2A Tá 30 shíog álainn istgh i rang N2A - síog amháin do gach páiste sa rang!

N2B Scríobh rang N2B litir chuig Daidí na Nollag

R1A Tá crann Nollaig ag R1A agus tá maisiúcháin álainn air.

R1B D'fhoghlaim R1B conas sceitseáil a dhéanamh le peann luaidh.



R2A Tá cairde pinn ag R2B atá i R2 sa bhunscoil i nGaoth Dobhair. Bíonn litreacha á scríobh acu ag a chéile.

R2B Tá scéalta á scríobh ag R2B scéalta faoin bhfear sneachta

R3A Tá maisiúcháin Nollaig déanta ag R3A as cré. Cuirfidh siad péint orthu nuair a bhíonn siad tirim.

R3B Bíonn R3B ag foghlaim rudaí nua agus ag obair go cruai an t-am ar fad!

R4A Tá R4A ag déanamh pictiúir ealaíne bunaithe ar ealaíon Wassily Kandinski.

R4B Rinne R4B stáblaí Nollaig 3-T sa rang ealaíne agus ceapann siad go bhfuil an crann Nollaig is mó agus is deise sa scoil acu!

R5A Tá amhrán cumtha ag R5A faoin scoil. Tá siad chun é a mhúineadh do na ranganna eile ar fad i ndiaidh na Nollag.

R5B Tá sár-obair fuáille á dhéanamh ag R5B. Tá fear sneachta & crann Nollaig déanta acu le déanaí.

R6 Tá tionscnaimh á dhéanamh ag R6 faoi láthair faoin Dara Chogadh Domhanda.

Lá Nollag na mBan The Feast of the Epiphany

Tosaíonn an téarma scoile nua ar an gCéadaoin an 6 Eanáir 2016. Beidh aifreann scoile againn ar an gCéadaoin an 06 Eanáir - Lá Nollag na mBan, Beidh an tAthair Leon Ó Giolláin ag teacht isteach le hAifreann a léamh dúinn ag a 11am. Tá fáilte roimh thusimitheoirí freastal ar an aifreann.



The new school term starts on Wednesday the 6th of January 2016. As the 6th of January is the feast day of the Epiphany an tAthair Leon Ó Giolláin will celebrate mass for us in school that day. The mass will be at 11am. Parents are most welcome to attend.

R2A & R2B Ceachtanna Snámha

Beidh daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha ón 08/01/2016 ar feadh 9 seachtainí. Costas €65 (len íoc in mí Eanáir).

Rang a 2 will be attending swimming lessons from the 08/01/2016 for 9 weeks. Cost €65 (to be paid in January)



Obair Fuáille R5B

Crann Nollaig R4B

Tá Daidí na Nollag ag Teacht go Luath

Ó Bigí go maith, go h-iontach gach lá
Téigí a chodladh, tá's agat cén fáth
Tá Daidí na nollag ag teacht go luath

Tá liosta aige déanta faoi dhó
Is faigheann sé amach cé bhíonn dána gan stró
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath

Bíonn sé ag féachaint ortsa
Ag éisteacht leat gach lá
Is muna mbíonn tú dána
Beidh gach aon rud go breá

Ó Bigí go maith, go h-iontach gach lá
Téigí a chodladh, tá's agat cén fáth
Tá Daidí na nollag ag teacht go luath

